Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Bealtaine 2024
(OR. en)

9022/24

**Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0223(COD)**

CODEC 1125
ASILE 61

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar, agus lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 13 Iúil 2016, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagal 78(2), pointí (a) agus (b), agus Airteagal 79(2), pointe (a) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 14 Nollaig 20162.

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 8 Feabhra 20173.

4. An 10 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[4]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

[1] 11316/16 + ADD1.
[2] IO C 75, 10.3.2017, lch. 97.
[3] IO C 207, 30.6.2017, lch. 67.
[4] 8580/24.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle[5][6] an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 70/23 é, a fhormheas mar ítim 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, leis an Ungáir agus an Pholainn vótáil ina choinne agus an Ostair, Poblacht na Seice agus an tSlóvaic ag staonadh.

6. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[5] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

[6] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.